

Teimpléad Treorach do Straitéisí Aerála in OÉ Gaillimh.

Tábla 1: Comhlíonadh na dTreoirínte Aerála in OÉ Gaillimh

Oifigí	Oifig Plean Oscailte
<p>De ghnáth, tá oifigí sách beag chun iad a aeráil go nádúrtha trí fhuinneoga a oscailt.</p> <ul style="list-style-type: none"> Moltar fuinneoga a oscailt agus daoine ag dul isteach in oifigí agus iad a dhúnadh sula bhfágann siad. Nuair is féidir, fágfar an doras ar oscailt. Ar mhaithe le compord beidh na córais teasa ar siúl ar feadh achar níos faide, ach ná húsáid téitheoirí leictreacha. 	<p>Tá nó ní mór go mbeadh laghdú ar an méid daoine a cheadaítear i spásanna le níos mó ná deasc amháin chun cloí le treoir COVID-19. Is féidir meascán de chórais aerála nádúrtha agus meicniúla a bheith in oifigí plean oscailte.</p> <ul style="list-style-type: none"> Ba chóir treoir maidir le fuinneoga a leanúint mar atá leagtha amach d'oifigí. Tá na córais aerála meicniúla leasaithe chun 100% aer úr a chur ar fáil agus chun eastóscadh a dhéanamh, níor cheart na rialtóirí áitiúla a athrú.
Spásanna Teagaisc Beaga / Meánmhéide	Spás Teagaisc Mór
<p>De ghnáth bíonn fuinneoga ar na ballaí seachtracha sna spásanna seo.</p> <ul style="list-style-type: none"> Moltar na fuinneoga a oscailt agus a fhágáil oscailte don lá, ba cheart gach fuinneog a dhúnadh ag deireadh an lae. Tá braiteoirí CO2 i roinnt spásanna a oibríonn fuinneoga arda, rinneadh iad seo a shocrú de réir na leibhéal molta ionas gur féidir na fuinneoga a oscailt níos minice. Moltar, nuair is féidir, an doras a oscailt chun tras-sreabhadh a chruthú laistigh den spás. 	<p>Tá meascán de chórais aerála nádúrtha agus meicniúla sna spásanna móra seo.</p> <ul style="list-style-type: none"> Moltar na fuinneoga a oscailt agus a fhágáil oscailte don lá, ba cheart gach fuinneog a dhúnadh ag deireadh an lae. Tá braiteoirí CO2 i roinnt spásanna a oibríonn fuinneoga arda, rinneadh iad seo a shocrú de réir na leibhéal molta ionas gur féidir na fuinneoga a oscailt níos minice. Socraíodh na córais aerála mheicniúla chun oibriú le linn na n-amanna teagaisc chun 100% aer úr a chur ar fáil.
Téatair agus ionaid mhóra	Saotharlanna / Saotharlanna Taighde
<p>Tá córais aerála meicniúla i ngach téatar agus ionad mór, socraíodh na córais seo chun 100% aer úr a sholáthar agus chun eastóscadh a dhéanamh i rith an lae. Déanfar na córais a rialú trí na córais Bainistíochta Foirgneamh agus coinneoidh an fhoireann Foirgneamh & Eastát súil ghéar orthu.</p>	<p>Tá córais aerála meicniúla i ngach Saotharlann / Saotharlann Taighde, socraíodh na córais seo chun 100% aer úr a sholáthar agus chun eastóscadh a dhéanamh i rith an lae. Ba chóir go bhfanfadh gach múchlann ar siúl ionas gur féidir aer a bhaint as na spásanna. Déanfar na córais a rialú trí na córais Bainistíochta Foirgneamh agus coinneoidh an fhoireann Foirgneamh & Eastát súil ghéar orthu.</p>
Bloic Leithris	Aerchóirí
<p>Feidhmíonn gach bloc leithris le 100% aeráil eastósctha i gcónaí agus faigheann aer eile ó chórais aeir agus struchtúir áitiúla.</p>	<p>Seiceáladh gach córas aerchóirithe agus tá siad ag obair. Níor cheart na rialaitheoirí a athrú mar go bhfuil siad socraithe de réir na gcáipéisí treorach.</p>

- Baineadh úsáid as treoir ó cháipéisí CIBSE/REHAV agus Straitéis Aerála OÉ Gaillimh á hullmhú, déanfar na cáipéisí seo a athbhreithniú go rialta agus déanfar iad a nuashonrú de réir mar a dhéantar an treoir a athrú.
- Laghdaíodh an méid daoine atá ceadaithe i spásanna de réir threoir COVID-19 agus dá bhrí sin sáróidh na córais aeir na leibhéil athraithe aeir a mholtar

Guidance Template for Ventilation Strategies at NUI Galway.

Table 1: Compliance with Ventilation Guidelines at NUI Galway

Offices	Open Plan Office
<p>Generally, offices are small enough to be naturally ventilated through openable windows.</p> <ul style="list-style-type: none"> It is recommended that windows are opened when entering the office and closed before leaving. Where feasible the door shall be left open. For comfort heating systems will be extended, although please refrain from using electric heaters. 	<p>Occupancy levels in spaces with multiple desks have been or must be reduced to comply with COVID-19 guidance. Open plan office space can have a mixture of natural and mechanical ventilation systems.</p> <ul style="list-style-type: none"> Guidance in relation to windows should be followed as listed for Offices. Mechanical ventilation systems have been adjusted to provide 100% fresh air and extract, local controllers should not be adjusted.
Small / Medium Teaching Spaces	Large Teaching Space
<p>Generally these spaces have windows along the perimeter wall.</p> <ul style="list-style-type: none"> It is recommended that the windows should be opened and remain open for the day, all windows to be closed at the end of the day. Some spaces have CO2 sensors which operate high level windows, these have been adjusted to the recommended levels allowing the windows to open more frequently. Recommend, where feasible, to have the door open to create crossflow within the space. 	<p>These large spaces have a mixture of natural and mechanical ventilation.</p> <ul style="list-style-type: none"> It is recommended that windows are opened and remain open for the day, all windows closed at the end of the day. Some spaces have CO2 sensors which operate high level windows, these have been adjusted to the recommended levels allowing the windows to open more frequently. Mechanical ventilation systems have been adjusted to operate during the teaching times providing 100% fresh air.
Lecture Theatres and large venues	Laboratories / Research Labs
<p>All lecture theatres and large venues have mechanical ventilation systems, these systems have been adjusted to provide 100% fresh air and extract during the day. The systems will be controlled via the Building Management systems and monitored closely by the Building & Estates team.</p>	<p>All Laboratories / Research labs have mechanical ventilation systems, these systems have been adjusted to provide 100% fresh air and extract during the day. All fume cupboards should remain on to allow for air extraction from the spaces. The systems will be controlled via the Building Management systems and monitored closely by the Building & Estates team.</p>
Toilet Blocks	Air Conditioning
<p>All toilet blocks operate with 100% extract ventilation at all times with make-up air from local air and structure systems.</p>	<p>All air conditioning systems have been checked and are working. The controllers should not be adjusted as they are set in compliance with guidance documents.</p>

- Guidance from CIBSE/REHAV documents have been used in preparation of the NUI Galway Ventilation Strategy, these documents will be reviewed regularly and updated as guidance is adjusted.
- Occupancy levels in spaces have been reduced in line with COVID-19 guidance and therefore air systems will exceed recommended air change levels.